II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/723 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Feabhra 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clár poiblí a chur ar bun ina liostófar na comhlachtaí arna gceapadh ag gach Ballstát chun maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcóil eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le hAirteagal 13(6) de Rialachán (AE) 2019/787 gur faoi mhaoirseacht ioncaim Ballstáit nó faoi mhaoirseacht lena soláthraítear ráthaíochtaí coibhéiseacha a dhéanfar na hoibríochtaí chun deochanna biotáilleacha a aosú.

(2) Chun na críche sin, ceapfaidh gach Ballstát na comhlachtaí a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na próisis aosaithe sin agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi ionas go bhféadfaidh sé clár poiblí a chur ar bun ina liostófar na comhlachtaí ceaptha sin.

(3) Chuige sin, is iomchuí rialacha a leagan amach maidir leis an gclár poiblí sin a chur ar bun.

(4) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 25 Bealtaine 2021, i gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Rialachán (AE) 2019/787,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An clár poiblí ina liostófar na comhlachtaí arna gceapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha

1. Ar bhonn fógraí a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/724ón gCoimisiún ([2]), tarraingeoidh an Coimisiún suas liosta comhlachtaí arna gceapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha agus tabharfaidh sé cothrom le dáta é.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/724ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cumarsáidí is gá do na Ballstáit a chur chuig an gCoimisiún maidir leis na comhlachtaí arna gceapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe le haghaidh deochanna biotáilleacha agus na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán sin (Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil seo).

2. Cuirfidh an Coimisiún clár poiblí ar bun ina mbeidh liosta cothrom le dáta de na comhlachtaí arna gceapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar phróisis aosaithe. Beidh an clár sin i bhfoirm bunachar sonraí leictreonach a mbeidh rochtain ag an bpobal air.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón 25 Bealtaine 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN